

Eagarfhocal

Tá an t-uafás cainte dá dhéanamh faoi láthair maidir le hacmhainní fuinnimh go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Tá súil ghéar dá coinneáil ar an láráin féachaint céard atá siad a dhéanamh leis an gcumhacht núicléach atá said a fhorbairt. Tá tuairiscí dá dtabhairt go bhfuil na soláthairtí ola agus gáis ar fud an domhain ag fáil gann agus go bhfuil sé thar am soláthartí fuinnimh eile a aimsiú ag úsáid foinsí nádúrtha ar nós teas na gréine chomh maith le cumhacht na gaoithe agus na farraige. Ar ndóigh tá an dochar atá dá dhéanamh do atmaisféar an domhain ag breosláir ar nós ola agus gual rianaithe go maith anois agus práinn mhór leis go ndéanfaí forbairt ar fhoinsí fuinnimh nach bhfuil chun níos mó dochair a dhéanamh don timpeallacht.

Níos gaire do bhaile anseo i gConamara, tá muid fós ag brath go mór ar an leictreachas agus is gearr go mbeidh an soláthar sin ina ábhar diospóireachta arís. I dtús na bliana seo, diúltaíodh de iarratas pleanála a bhí déanta ag Bord Soláthar an Leictreachais chun cábla nua a chuir as Gaillimh trasna an tsléibhe trí Sheanaphéistín go Camus áit a mbeadh fo-stáisiún cumhachta nua lonnaithe. Faoi láthair is líne cumhachta 38kv atá ag soláthar cumhachta do Chonamara. Deireann BSL nach bhfuil an líne seo sách cumhachtach anois chun an t-éileamh fuinnimh atá i gConamara a sheasamh. Tá an oiread sin tithe nua dá dtógáil agus tionscail nua bunaithe ag brath ar chumhacht leictreachais. Tá an BSL ag iarraidh líne 110kv a chuir trasna go Camus chun an soláthar a bheas riachtanach do Chonamara sna blianta atá romhainn a chur ar fáil. Teastaíonn i bhfad níos mó pollaí chun an líne seo a iompar agus ní chóir go mbeadh sé gar do thithe cónaí. Ní dóigh go bhfuil éinne ann a chuirfeadh in aghaidh na hargóna go bhfuil an chumhacht bhreise seo ag teastáil. Ach tá daoine nach bhfuil sásta le plean an BhSL. Tá cuid de

mhuintir Sheanaphéistín imníoch go bhfuil na cáblaí ag teacht ró-ghar dá gcuid tithe agus tá cuid de mhuintir Chamuis mí-shásta go mbeidh na cáblaí agus an fo-stáisiún nua ag cur as do cheantar áilleachta sléibhe. Tá chaon dream díomach do BhSL nár tháinig said chun cainte leis na pobail éagsúla sular leag siad amach an phlean nua seo. Fiú amháin nuair a heagraíodh cruinniú i nGaillimh i dtús an tSamhraidh seo chun na himpleachtaí maidir le diúltú an phlean seo a phlé, is polaiteoirí a fuair cuireadh ann. Ní fhuair na daoine a bhfuil imní orthu faoin bhforbairt cuireadh. Tá BSL chun cead a lorg arís go luath don chábla seo. Tá súil go ngabhfáidh siad i dteagmháil leis na dreamanna nó na pobail éagsúla a bhfuil imní orthu faoin gcábala nua cumhachtach seo? Nach bhféadfadh said breathnú ar mhodhanna eile chun an cábla seo a thabhairt trasna go Conamara? Céard faoi é a chuir faoin talamh? Deireann BSL nach féidir é seo a dhéanamh. Dúirt Mattie Ó Niaidh liom, fear a chaith 35bliain ag obair don BSL gur dúradh sna seachtóidí nuair a bhí soláthar leictreachais dá chur ar fáil in Árann nach bhféadfaí cábla a chuir faoin bhfarraige. Tá cábla curtha sa bhfarraige ó thús na nochaidí amach ón gCeathrú Rua go hInis Mór.

B'fhéidir go dtógfadh sé níos mó ama an cábla a chuir faoi thalamh ach nach fiú é sin má chiallaíonn sé nach gcuirfidh sé as do dhuine ná don timpeallacht. Más plean é seo chun an soláthar fuinnimh a chuir ar fáil do Chonamara atá agus a bheas riachtanach sna blianta atá romhainn, is gá do BhSL breathnú rompu agus straitéis fadthéarmach a chuir i bhfeidhim. Mar chuid de seo ba chóir dóibh dul i gcomhairle leis na pobail a bhfuil imní orthu faoin bplean agus freisin breathnú ar na féidearthachtaí uilig chun an cábla nua seo a thabhairt go Conamara, ní díreach an ceann is sciobtha agus is gearrthéarmaigh, Cuimhneodh said ar Árann agus an cábla faoin bhfarraige!

I chuile eagrán den iris bhliantúil Pléaraca, ó foilsíodh an chéad cheann i 1991, bhí alt ann ag Séamas Ó Cualáin faoi chluichí móra peile agus iománaíochta ar fhreastal sé féin orthu. Bhásaigh Séamas roinnt seachtain ó shoin. Cé nach raibh sé ag aireachtáil go maith sa samhradh, bhí sé ag obair ar an alt seo agus d'iarr a mhac Ciarán orainn é a fhoilsiú mar go b'shin a bheadh a athair a iarraidh. Is léargas eile ar dhúthracht Shéamais i chuile rud a raibh plé aige leis, an tslacht agus an t-eolas a chuir sé isteach san alt agus tá an paisean a bhí aige don imirt ar an bpáirc peile ag léimt amach as an scribhneoireacht. Aireoidh muid uainn Séamas go mór. Tá súil againn go bhfuil diaspoireachtaí móra aige sna Flaithis leis na laochra peile sin a raibh an oiread sin mórtais aige astu agus má théann siad i muinín an phinn, nach mbeidh sé ró-ghéar orthu ó thaobh na gramadaí de. Déanann muid comhbhrón lena mhac Ciarán, a iníon Máire agus a chuid gaolta agus cairde go léir.

CLUICHE DODHEARMADTHA 1939

le SÉAMAS Ó CUALÁIN

Ba chorrach an saol a bhí ann an tríú lá de Mheán Fómhair 1939, ach níor chuir tús an chogaidh dhomhnda idir an Ghearmáin is Sasana ná an roilleadh báistí as domsa ná do na mílte eile a ghabh an tráthnóna sin trí shráideanna Bhaile Átha Cliath ar a mbealach go Cluiche Ceannais na hÉireann i bPáirc an Chrócaigh. Na "sean-naimhde" iomána, Corcaigh is Cill Chainnigh, a bhí á bhféachaint féin arís le seilbh a fháil ar Chorn Mhic Chárthaigh. Ba é an naoú huair don dís bualadh le chéile sa bhabhta deiridh agus go nuige seo bhí an chreach roinnte go cothrom eatartha. Agus ó tharla gur bhuaigh siad araon an Chraobh aon uair dhéag ar fad ba é seo "báire na fola".

Rinne sé aiteall roimh an gcluiche mór agus bhí grian bháite an fhómhair ag iarraidh briseadh trína néalta dubha dorcha gruama. Nuair a chuir an réiteoir, Séamas Ó Flatharta, tús leis an gcluiche d'ionsaigh na Laignigh le díocas, ach cuireadh ar gcúl iad agus tógadh gártha glóracha nuair a d'aimsigh an Súilleabhánach an sliotar agus ó thríocha slat amach ghread go hábailta aclaí é i dtreo chuaillí Chill Chainnigh. Ach ar an drochuair chuaigh an t-urchar folamh.

Ba ghearr ina dhiaidh gur cheap fear do-ghabhála Chill Chainnigh, Séamas Langtún, an sliotar, shleamhnaigh sé isteach ar nós míol Márta, bhuaigh go héasca ealaíonta faoi dhéin na cearnóige agus i bhfithleadh na súl bhí an liathróid go domhain san eangach ag Séamas Ó Faoláin.

Throid na Corcaigh go dána dásachtach, ach feanc níor baineadh as cosantóirí cróga críonna Chill Chainnigh agus bhí na Laignigh tuilleadh chun cinn le cúilín ón Langtúnach. Anois rinne na Muimhneigh tréanarracht agus le comhimirt idir

Liam Mac Cathmhaoil agus an Buachallach chuir an Duinníneach cúilín breá amach. Ach ba bheag é éifeacht an scóir sin nuair a fuair an Langtúnach cúilín eile do Chill Chainnigh ó saorphoc.

Níor thúsce an sliotar buailte amach ná chuaigh gaiscigh na Mumhan i gceann oibre. Sheol an Buachallach an liathróid chuig Micheál Ó Braonáin a d'aimsigh an Súilleabhánach ó Mhainistir na Corann agus d'ardaigh seisean meanma na gCorcaíoch nuair a chuir sé an bhratach uaine ar foluain go buacach.

Nearthaigh ar an gcomhlann anois agus tháinig ar shála a chéile scóranna a chuir an lucht féachana i mbarr a gcéille le lúcháir.

Gar do leath ama tháinig na Laignigh go cíocrach craosach, chuir an Laoitheach an sliotar go dtí an Langtúnach, uaidh sin go Séamas Ó Maolchathaigh agus isteach go gleoite go dtí an chearnóg mar ar léim an Brianach go glan oscartha agus scinn an liathróid isteach sa líon – rud a d'fhág sé chúilín d'fharasbarr (2-4 do 1-1) ag Cill Chainnigh ag am sosa.

Go luath sa dara leath chuir an Laoitheach luaineach na dea-fhir ó bhruacha na Feorach seacht gcúilín chun tosaigh. Bhí scamail mhóra mhillteacha bhagracha ag bailiú os cionn mhachaire an choimheascair nuair a chaith na Corcaigh iad féin ar a "naimhde". Stop an Lorcánach an fogha fíochmhar ach ar ais leis na Muimhneigh arís – L. Tabb chuig R. Ó Rinn trasna go Seán Ó Loinsigh a chuir an buille abhaile le neart a choirp. Cúl do Chorcaigh!

Bhéic an slua, phléasc an tóirneach, scal na lasracha agus thit an bháisteach ina tuille. Ach níor ghoill seo blas ar dhíograis na bhfear iomána. Cúilín eile do Chorcaigh ón Súilleabhánach agus gan ach cúl

breise anois ag Cill Chainnigh. Chuir S. Ó Faoláin cúilín eile leis sin do na Laignigh agus bhí scór dá shamhail ag an Loinseach, a bhí dochloíte i lár báire do fhorgla na Mumhan.

Go grod dá éis tugadh saorphuc slat is fiche do Chorcaigh. Chinn an Loinseach ar chúl a fháil agus na scóranna a chothromú ach ní raibh i ndán dó ach saorphoc seachtó slat. Toghadh Mac Cathmhaoil leis an mbuille rí-thábhachtach seo a thógáil. Chrom, bhuaigh is dhírigh sé an liathróid ar nós piléir isteach go béal báire. Tharraing na hiománaithe go gonta gusmhar agus cluineadh gíoscán caol ceolmhar na fuinseoige ar fud na faiche. Bhí an sliotar i gcúl na heangaí agus murar lig lucht leanúna Chorcaigh scód lena spleodar ní

lá go maidin é!

Bhí an lasóg sa bharrach anois agus níorbh fhiú trácht ar a raibh d'am fágtha – nóiméad ar a mhéad. In amas anamúil d'aimsigh fir Chill Chainnigh saorphoc seachtó slat. Fágadh seo faoi théinní na gcéadta cath – Pádraig Ó Faoláin ó Thulach Uí Ruáin. Choinnigh sé guaim air féin, chiúinigh an t-ollslua agus bhuaigh sé le fuinneamh. Ach loic an sliotar stolptha spadánta agus thit sé go righin réchúiseach i bhfad ón sprioc.

Amach le cúlaithe Chorcaigh leis an gcontúirt a mhaolú ach tháinig gan choinne Séamas Ó Ceallaigh mar a bheadh scail ann, agus le béim bheoga bhríomhar chuir sé an liathróid thar an dtrasnán.

Bhí an cath briste agus an chreach tógtha ag na Laignigh.

An fhaid is a bhéas meas ar chluiche ársa ár sinsir tráchtar go máiteach mórtasach ar mhórgníomhartha bháireoirí Chill Chainnigh is Chorcaigh an lá stairiúil úd cois Life.